# Cárta Tuairisce 6ú Rang a chomhlánú

Treoir do mhúinteoirí bunscoile / Eolas do phríomhoidí bunscoile



Seans go mbeidh an treoir seo úsáideach do mhúinteoirí agus **Cártaí Tuairisce 6ú Rang** á gcomhlánú acu ag deireadh na bliana. Tá an cárta tuairisce ina chuid d'ábhair **an Phas Oideachais**. Níl sé ar fáil ach in aon leagan amach amháin lena chinntiú go mbíonn an t-eolas a fhaigheann iar-bhunscoileanna comhsheasmhach. Tá an treoir seo leagtha amach san ord céanna le ceannteidil an chárta tuairisce.

## 1. SONRAÍ MAIDIR LEIS AN LEANBH

- **Ainm:** Cuir isteach ainm an linbh mar atá sé ar an teastas breithe, más rud é go bhfuil fáil ar an eolas sin.
- **An t-ainm is rogha leis/léi (más éagsúil ón ainm thuasluaite):**Cuir isteach an t-ainm a úsáideann an leanbh ar scoil de ghnáth más éagsúil ón ainm atá luaite ar an teastas breithe.
- **Teanga(cha) baile:** Luaigh an teanga/na teangacha a labhraítear sa bhaile.

## 2. DO LEANBH MAR FHOGHLAIMEOIR agus FORBAIRT SHÓISIALTA AGUS PHEARSANTA DO LINBH

- Agus tuairisc á tabhairt ar leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, is cóir na colúin 'Plean' nó 'P' a úsáid sa chás go bhfuil plean i bhfeidhm dóibh siúd atá ag fáil tacaíochtaí breise sa 6ú rang. Baineann na tacaíochtaí sin le Tacaíocht Foghlama agus Teagasc Acmhainne de réir Chontanam Tacaíochta na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais agus Aguisín 3 d'Imlitir 02/05 de chuid an ROS. Úsáidtear an téarma leathan 'plean' le tagairt a dhéanamh d'aon phlean foghlama atá ann le tacaíocht a thabhairt don leanbh. I measc na bpleananna a d'fhéadfaí a nascadh leis na réimsí tuairiscithe 'Do leanbh mar fhoghlaimeoir' agus 'Forbairt shóisialta agus phearsanta do linbh' tá Plean Tacaíochta Iompair, Próifíl Aonair agus Clár Foghlama (PACF), agus Plean Oideachais Aonair (POA).

  Comhlánaigh an scála grádaithe trí thagairt do na spriocanna a bhfuil sainaithint déanta orthu sa phlean.

- Sa sampla, chuir an múinteoir tic sa bhosca 'P' (Plean) in aice leis na míreanna ar an gcárta tuairisce a bhain leis na spriocanna a bhí i bplean tacaíochta iompair an linbh. D'úsáid an múinteoir an scála grádaithe ansin le heolas a thabhairt ar dhul chun cinn an linbh bunaithe ar an bplean sin.

**Sliocht ón gcárta tuairisce a léiríonn úsáid an cholúin 'P'.**

**Your child's social and personal development**

1 Rarely 2 Sometimes 3 Most of the time 4 Always

| | P | 1 | 2 | 3 | 4 |
|---|---|---|---|---|---|
| Manages and expresses own feelings well | | | | ✓ | |
| Is sensitive to others' feelings | | | ✓ | | |
| Mixes well with other children | | | ✓ | | |
| Behaves well in class | ✓ | | ✓ | | |
| Behaves well in the playground | ✓ | | ✓ | | |
| Participates well in Religious or Ethical Education | | | | ✓ | |

## 3. FOGHLAIM DO LINBH I RITH NA BLIANA

### 3.1 SCÁLAÍ GRÁDAITHE

- I bhformhór na gcásanna, is cóir duit do bhreithiúnais ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachtáil i rith na bliana a dhéanamh trí thagairt d'ionchais atá bunaithe ar na cuspóirí/torthaí ábhair atá leagtha amach i gCuraclam na Bunscoile don 6ú rang. Is tábhachtach an rud é an comhphointe tagartha seo a úsáid lena chinntiú go mbíonn an t-eolas a thugtar d'iar-bhunscoileanna comhsheasmhach.
- I gcás leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus a bhfuil plean tacaíochta foghlama acu freisin, is cóir " ✓ " breise a chur sa cholún 'P' in aice le haon mhír a bhaineann leis an bplean sin. Seasann 'P' don fhocal 'plean'

- Úsáidtear an téarma leathan 'plean' le tagairt a dhéanamh d'aon phlean foghlama atá i bhfeidhm ag scoil le tacaíocht a thabhairt don leanbh sa 6ú rang, m.sh. PACF, POA.

  – Is cóir don eolas maidir le foghlaim an linbh a thugann tú sa scála grádaithe ionchais a léiriú bunaithe ar an bplean sin seachas ar na cuspóirí/torthaí ábhair atá leagtha amach i gCuraclam na Bunscoile don 6ú rang.

  – Sa sampla, bhí PACF ag an leanbh agus bhí tacaíocht foghlama i dtaca le léitheoireacht Bhéarla sannta dó tráth ar comhlánaíodh an cárta tuairisce. Tá curtha in iúl ag an tic go raibh an méid a bhí bainte amach ag an leanbh sa léitheoireacht ag dul leis na hionchais bunaithe ar an PACF. De bharr nach bhfuil aon phlean aonair ag an leanbh i dtaca leis an scríbhneoireacht, tá curtha in iúl ag an tic sin go raibh an méid a bhí bainte amach ag an leanbh sa scríbhneoireacht ag teacht leis na hionchais bunaithe ar na cuspóirí/torthaí ábhair atá leagtha amach i gCuraclam na Bunscoile don 6ú rang.

**Sliocht ón gcárta tuairisce a léiríonn úsáid an scála grádaithe**

1 Working towards expectations
2 Meeting expectations
3 Ahead of expectations

| English | P | 1 | 2 | 3 |
|---|---|---|---|---|
| Communicates with others in a clear and effective way | | | | ✓ |
| Understands what is said by others | | | ✓ | |
| Reading | ✓ | | ✓ | |
| Writing | | ✓ | | |

### 3.2 ÁBHAIR

- Tá eolas faoi dhíolúine an linbh ón nGaeilge le fáil i dTeastas Díolúine an linbh, rud a n-eisíonn an bhunscoil é agus atá le fáil i dtaifid na scoile. Roimh an gcárta tuairisce a sheoladh chuig an iar-bhunscoil, is cóir an Teastas Díolúine a cheangal.

# Cárta Tuairisce 6ú Rang a Chomhlánú

Treoir do mhúinteoirí bunscoile / Eolas do phríomhoidí bunscoile



## 4. SCÓIR I dTRIALACHA CAIGHDEÁNAITHE

- Cuir isteach na triailscóir a fuair an leanbh sa Mhatamaitic agus sa Léitheoireacht Bhéarla. Níl an triailscór a fuarthas sa Léitheoireacht Ghaeilge ag teastáil ach amháin sa chás go bhfreastalaíonn an leanbh ar scoil lán-Ghaeilge.
- Má tá fáil orthu, cuir isteach na triailscóir a fuarthas sa 2ú rang agus sa 4ú rang chomh maith. Tabharfaidh an t-eolas sin léargas ginearálta ar scóir an linbh don iar-bhunscoil.
- Ní cóir scóir i dtriail chaighdeánaithe a lua ach mar scór STen amháin.  Is mó seans go bhfaighidh an iar-bhunscoil eolas comhsheasmhach óna cuid bunscoileanna friothálacha dá bhrí sin.  Úsáidtear scóir STen le heolas a chur faoi bhráid an ROS gach bliain, leis.
- Cuir isteach 'Neamhbhainteach' nó 'N/B' in áit triailscóir sna cásanna seo a leanas:
  - Don Léitheoireacht Ghaeilge, má fhreastalaíonn an leanbh ar scoil Bhéarla.
  - I gcás leanaí a bhfuil díolúine acu ón tástáil chaighdeánaithe de réir **Imlitir 0056/2011 de chuid an ROS**, lch. 6.

**Sliocht samplach ón gcárta tuairisce**

**Standardised test scores**

| | Sten Score | | |
|---|---|---|---|
| | 2nd Class | 4th Class | 6th Class |
| Maths | 4 | 5 | 5 |
| English reading | 6 | 5 | 6 |
| Irish reading | *N/A* | *N/A* | *N/A* |

STen scores: 1-3 Well below average, 4 Low average, 5-6 Average, 7 High average, 8-10 Well above average
*Irish reading test for Irish-medium primary schools only.

## 5. TINREAMH

Cuir isteach líon iomlán na laethanta a bhí an leanbh as láthair ón scoil le linn an 6ú rang suas go dtí dáta an chárta tuairisce.

## 6. PONCÚLACHT

Úsáidtear na téarmaí leathana 'An-mhaith' agus 'Le feabhsú' d'aon ghnó de bharr go dtuigtear nach mbeidh fáil ar thaifid mhionsonraithe ar phoncúlacht an linbh i ngach uile chás.

## 7. CÉN CHAOI AR FÉIDIR LEAT TACÚ LE FOGHLAIM DO LINBH TUILLEADH?

- Tabhair cúpla moladh praiticiúil maidir le cén chaoi ar féidir leis an tuismitheoir tacú le foghlaim an linbh tuilleadh. Ba chóir go mbainfeadh na moltaí sin go díreach le ceann nó níos mó de na príomhréimsí forbartha a sainaithníodh sna scálaí grádaithe thuas. Seans gur cuireadh formhór na moltaí sin, na moltaí ar fad fiú amháin, in iúl don tuismitheoir ag an gcruinniú bliantúil idir an múinteoir agus an tuismitheoir nó ag cruinniú/cruinnithe teagmhasacha eile.

- D'fhéadfadh sé go mbainfeadh na moltaí leis an leanbh mar fhoghlaimeoir, le forbairt shóisialta agus phearsanta an linbh nó le foghlaim an linbh i ngach gné den churaclam. I measc na stoc úsáideach i gcomhair na moltaí sin tá:

  - Labhair le...
  - Tabhair deiseanna d'Odessa chun...
  - Spreag Anna chun...
  - Cuir i gcuimhne do Kate...
  - Cabhraigh le Alexander...

**Sliocht samplach ón gcárta tuairisce**

| How you can further support your child's learning |
|---|
| *Encourage Alan to complete homework independently, where appropriate.* |

## 8. FAISNÉIS BHREISE CHUN TACÚ LE HAISTRIÚ DO PHÁISTE

- **Tacaíocht sa scoil:** Sa chás go bhfuil Riachtanas Speisialta Oideachais arna aithint ag leanbh agus/nó sa chás go bhfuil sé/sí ag fáil tacaíochta sa scoil, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé úsáideach breac-chuntas a thabhairt ar na tacaíochtaí a thugtar don leanbh sa spás seo.

  Seo a leanas roinnt moltaí. Níl sé i gceist go n-úsáidfeá gach uile mholadh. B'fhéidir gurbh fhearr leat eolas eile a chur leis nach bhfuil luaite anseo.

- **An méid a bhain an leanbh amach:** D'fhéadfá sainaithint a dhéanamh ar na príomhnithe a baineadh amach ó thaobh fhoghlaim an linbh de. D'fhéadfadh sé go mbainfeadh na nithe sin leis an leanbh mar fhoghlaimeoir, le forbairt shóisialta agus phearsanta an linbh nó le foghlaim an linbh i ngach gné den churaclam.

Toisc go bhfuil teorainn leis an méid spáis atá ar fáil, is tábhachtach an rud é sainaithint a dhéanamh ar na gnéithe gnóthachtála is tábhachtaí don leanbh. Lena chois sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé fiúntach na ceisteanna seo a leanas a chur faoi chaibidil...

- An bhfuil an méid a bhain an leanbh amach ag teacht leis an méid iarrachta a rinne sé/sí.
- An bhfuil na scóir a fuarthas i dtrialacha caighdeánaithe ag teacht leis an méid a baineadh amach le linn na bliana. In amanna ní léiríonn na scóir a fhaigheann leanaí a bhfuil Béarla acu mar Theanga Bhreise an dul chun cinn atá á dhéanamh acu sa rang i ndáiríre. Is cóir a bheith an-chúramach go háirithe nuair atá scóir leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu á meas.

- **Na rudaí is fearr ar éirigh leo i dtaobh tacú le foghlaim an linbh:** D'fhéadfá príomhchleachtais teagaisc, foghlama agus/nó mheasúnaithe ar éirigh go maith leo i dtaobh tacú le foghlaim an linbh a lua, m.sh., obair i ngrúpaí, aiseolas duine le duine, Córas Cumarsáide Malartaithe Pictiúr (CCMP)
- **Réimsí is gá a fhorbairt:** D'fhéadfá an príomhréimse/na príomhréimsí is gá a fhorbairt a aithint go hachomair. D'fhéadfadh sé go mbainfeadh na moltaí leis an leanbh mar fhoghlaimeoir, le forbairt shóisialta agus phearsanta an linbh nó le foghlaim an linbh i ngach gné den churaclam.
- **Na Chéad Chéimeanna Eile:** D'fhéadfá beart nó dhó a thacódh le foghlaim an linbh ar iar-bhunscoil a aithint go hachomair. Ba chóir go mbeadh an beart/na bearta sin idir sholáimhsithe agus réalaíoch, agus nasctha leis na réimsí is gá a fhorbairt.

**Sliocht samplach ón gcárta tuairisce**

| Additional information to support your child's transition |
|---|
| Sarah was in receipt of 4 resource teaching hours and had access to SNA support.<br><br>Sarah responds well to opportunities to work with peers.<br><br>Sarah would benefit from further support to develop reading fluency. |

- **Páistí a fhaigheann tacaíocht bhreise:** Moltar Foirm Aistrithe Mac Léinn NEPS a aistriú go dtí an iar-bhunscoil go pras. I gcás páistí a dteastaíonn tacaíochtaí ar nós cúntóirí riachtanas speisialta, teicneolaíocht oiriúnaitheach nó iompar scoile uathu, ba chóir spriocdhátaí iarratais an CNOS a chur san áireamh.

## 9. SÍNITHE

Cuir isteach síniú an mhúinteora agus an phríomhoide ar na línte atá curtha ar fáil. Más rud é go bhfuil sínithe digiteacha le húsáid, is cóir na línte sin a scriosadh amach leis an rogha atá curtha ar fáil sa Chruthaitheoir Cártaí Tuairisce. Fágann sé sin gur féidir íomhánna JPEG de na sínithe digiteacha a chóipeáil agus a ghreamú isteach ar an gcárta tuairisce gan stró.